Cummeennabuddoge
Wind Farm

Feirm Ghaoithe Choimín na Bodóige
FuturEnergy Ireland
The Rubicon Centre
Baile an Easpaig
Corcaigh, T12 Y275

Márta 2023

A Úinéir Tí, a chara,

Tá súil agam go bhfuil tú go maith. Táim ag dul i dteagmháil leat le nuashonrúcháin a thabhairt duit maidir le Feirm Ghaoithe Choimín na Bodóige, ar comhfhorbairt í idir *FuturEnergy Ireland* agus *SSE Renewables*.

Beidh a thuilleadh eolais á chur ar fáil againn agus neart deiseanna chun dul i dteagmháil leis an bhfoireann sna seachtainí agus míonna amach romhainn.

Mar Oifigeach Idirchaidreamh Poiblí, is é an ról atá agam-sa ná chun a chinntiú go bhfaigheann tusa an t-eolas a theastaíonn uait agus freagraí a sholáthar d'aon cheisteanna a bheadh agat. Mínítear sa liosta 'na céad chéimeanna eile' na nithe ar féidir leat bheith ag súil leo:

- Bróisiúr tionscadail agus taispeántas fíorúil: Tabharfaidh mé bróisiúr sonrach chugat, ina mbeidh nasc go suíomh idirlíon agus taispeántas fíorúil. Tá fuíollach eolais sa bhróisiúr agus sa taispeántas araon ar nós cur i láthair ó speisialtóirí comhshaoil, fótamontáisí g taispeáint láithreacha na dtuirbíní agus léarscáil leagan amach deiridh na dtuirbíní.

- Clinic Rannpháirtíochta Pobail: Deis í seo chun bualadh le foireann tionscadail Choimín na Bodóige. A luaithe is a bheidh an t-ionad agus an dáta deimhnithe againn beimid ar ais i dteagmháil leat agus míneoimid duit conas coinne a dhéanamh linn.

Roinnt seachtainí tar éis don chomhairliúchán poiblí iomlán a bheith déanta, bheadh sé i gceist againn an t-iarratas ar chead pleanála a sheoladh isteach go dtí An Bord Pleanála. Bí cinnte go gcuirfimid in iúl duit i bhfad roimh ré nuair a bheidh sé i gceist againn iarratas a sheoladh isteach.

Idir an dá linn, más mian leat teagmháil a dhéanamh liom chun aon ghné den tionscadal a phlé nó chun cruinniú a shocrú liom, tá mo shonraí teagmhála thíos ar bun. Nó más fearr leat, is féidir leat rphost, glaoch gutháin nó téacs a chur chugam ag iarraidh orm tú a choimeád cothrom le dáta maidir leis an tionscadal. Le teacht ar gach eolas a eisíodh go dtí seo a bhaineann leis an bhFeirm Ghaoithe atá beartaithe do Choimín na Bodóige, lena n-áirítear liosta Ceisteanna Coitianta (CCanna) agus na nuachtlitreacha go léir go dtí seo, téigh le do thoil go dtí www.cummeennabuddogewindfarm.ie .

Is mise le meas,

Breandán Ó Tuama
Oifigeach Idirchaidreamh Pobail

Teileafón díreach: 087 971 2151
R-phost:cummeennabuddoge@futurenergyireland.ie